**RABHADH**
**Ní MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

## DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 - 5.00

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 1
**(80 marc)**
# CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** (a) Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'Táirgí Branda dhílis' (Táirgí Féinbhranda).

________________________________________

________________________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá chúis** a mbaineann miondíoltóirí úsáid as 'Táirgí Branda dhílis':

(i) ________________________________________

________________________________________

(ii) ________________________________________

________________________________________

**2.** (a) Mínigh an téarma 'Toradh ar Infheistíocht' (TAI).

________________________________________

________________________________________

(b) Le cúnamh na bhfigiúirí thíos, ríomh an TAI atá ag 'Roghanna Nádúrtha Tta.'. (Taispeáin do chuid oibrithe.)

| | |
|---|---|
| Brabús Glan | € 57,000 |
| Gnáth-Scairchaipiteal | € 140,000 |
| Cúlchistí | € 56,000 |
| Iasacht Fhadtéarma | € 24,000 |

| |
|---|
| Oibrithe: |
| Freagra |

**3.** (a) Déan idirdhealú idir **dhá** chineál cruinnithe atá coitianta i ngnólacht.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.

(i) ________________________________________

________________________________________

(ii) ________________________________________

________________________________________

**4.** (a) Mínigh an téarma 'réise rialúcháin'.

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a imríonn tionchar ar leithead na réise rialúcháin i ngnó:

(i)

(ii)

**5.** (a) Léirigh cad atá i gceist leis an téarma 'Allmhairí dofheicthe' agus tú ag tagairt do gheilleagar na hÉireann.

(b) Le cúnamh na sonraí seo a leanas ríomh (i) Comhardú na Trádála, (ii) Comhardú na nÍocaíochtaí. Luaigh i **ngach** cás cé acu barrachas nó easnamh atá i gceist. (Taispeáin do chuid oibrithe.)

| | | **Oibrithe** |
|---|---|---|
| Onnmhairí Sofheicthe | €50bn | |
| Allmhairí Dofheicthe | €40bn | |
| Allmhairí Sofheicthe | €30bn | |
| Onnmhairí Dofheicthe | €35bn | |

| | BOSCA FREAGRA | Barrachas NÓ Easnamh |
|---|---|---|
| (i) Comhardú na Trádála | € | |
| (ii) Comhardú na nÍocaíochtaí | € | |

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh an Rialtas gníomhaíocht ghnó in Éirinn a spreagadh.

(i)

(ii)

**7.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche a d'fhéadfadh fostaithe a dhéanamh agus iad ag iarraidh tabhairt ar fhostóirí géilleadh dá gcuid éileamh.

(i)________________________________________________________

__________________________________________________________

(ii)________________________________________________________

__________________________________________________________

**8.** Scríobh *Fíor* nó *Bréagach* tar éis gach ceann de na habairtí seo.

| Abairt | | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Is é is ról don ÚFT (IDA i mBéarla) infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh chun na hÉireann. | |
| 2. | Is é is príobháidiú ann aistriú úinéireachta ón earnáil phríobháideach go dtí an earnáil phoiblí atá i seilbh an rialtais. | |
| 3. | Bailiúchán rialacha morálta is ea cód eitice ina soiléirítear an t-iompar lena bhfuiltear ag súil leis ó dhaoine aonair sa ghnó. | |
| 4. | Déanann gnólacht a bhfuil meas ceart aige ar an timpeallacht úsáid a bhaint as próisis ghlana táirgeachta agus as pacáistiú is féidir a athchúrsáil. | |
| 5. | Téann méadú ar luach an euro (€) i gcoinne luach an dollair Mheiriceánaigh ($) chun tairbhe do lucht onnmhairithe na hÉireann a bhíonn ag onnmhairiú go dtí na Stáit Aontaithe. | |

**9.** (a) Mínigh an téarma 'Airgeadas gearrthéarma'.

__________________________________________________________

__________________________________________________________

(b) Léirigh suíomh gnó **ina mbeadh** 'airgeadas gearrthéarma' oiriúnach.

__________________________________________________________

__________________________________________________________

**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** straitéis a d'fhéadfadh lucht bainistíochta a úsáid chun cabhrú le fostaithe dul i dtaithí ar athrú.

(i)________________________________________________________

__________________________________________________________

(ii)________________________________________________________

__________________________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 3, 4, agus 5**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

## Éadaí do Chách Tta



Bhunaigh Éadaí do Chách Tta a gcéad siopa miondíola i gCathair na Gaillimhe sa bhliain 1990. Leagann a ráiteas misin béim ar 'éadaí faiseanta fuinniúla' chomh maith le 'luach ar airgead' a chur ar fáil do thomhaltóirí óga ar mór acu an faisean. Ó bhí sí an-óg bhí bunaitheoir an chomhlachta, Aoife Ní Cholla, meáite ar a bheith ina fiontraí agus roghnaigh sí tionscal an fhaisin mar gheall ar an bpaisean atá aici d'éadaí. Faoina stiúir, tháinig borradh faoin ngnó agus anois tá foireann 600 duine fostaithe i bhfiche siopa miondíola lonnaithe i scothláithreacha ar fud na hÉireann. Tá an gnó ag fás go seasta i gcónaí. De bhrí go bhfuil an gnó ag cruthú go láidir i margadh na hÉireann agus tar éis go leor blianta brabúsacha, fuair Aoife an spreagadh chun a samhail rathúil ghnó a leathnú go dtí margadh éadaí na Ríochta Aontaithe. Reáchtáiltear cruinnithe in aghaidh na míosa chun fás agus leathnú an ghnó a bhainistiú. Cuireadh straitéisí ar bun sa chás go dtarlódh aon bhriseadh a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar na stoc riachtanach ó na soláthróirí domhanda. Rinneadh cinneadh le déanaí feachtas fógraíochta a chur ar bun ar an teilifís sa Ríocht Aontaithe a chraolfar i gcomhthráth le hoscailt an chéad siopa ag an gcomhlacht ar Shráid Oxford i Londain.

Bhí ról lárnach ag an mbainisteoir Acmhainní Daonna, Oilibhéar Ó Coinn, san fhás seasta a tháinig ar Éadaí do Chách Tta. Tá sé ag bainistiú líon na bhfostaithe go héifeachtach i gcónaí. D'oscailt an tsiopa atá beartaithe i Londain, d'fhógair Oilibhéar deiseanna fostaíochta ar shuíomh gréasáin an ghnólachta. Bhí foirm iarratais ar líne istigh san fhógra. Le hiomaíocht sa mhargadh ag dul i ngéire agus le linn thráth seo an chúlaithe eacnamaíochta, tuigeann Aoife agus Oilibhéar gur gá infheistíocht a dhéanamh in oiliúint na foirne. Tá clár ionduchtúcháin cuimsitheach ar fáil sa chomhlacht trí chéile agus uair in aghaidh na bliana buaileann pearsanra ón rannóg Acmhainní Daonna le fostaithe chun a ndul chun cinn a athbhreithniú. Faigheann fostaithe Éadaí do Chách Tta luach maith ar a saothar agus bíonn deiseanna ar ardú céime ann dóibh siúd a bhaineann amach a gcuid spriocanna díolacháin.

Is cúis imní d'Aoife go bhféadfadh an gnólacht sciar den mhargadh a chailleadh i ngeall ar bhreis iomaíochta ó ilstóir faisin a bhíonn ag déanamh aithrise orthu. Tá nós ag Aoife anois cuairt a thabhairt gan choinne ar shiopaí an chomhlachta chun monatóireacht a dhéanamh ar na díolacháin, ar iompar na bhfostaithe agus ar threochtaí custaiméara. Ina theannta sin, déanann an rannóg mhargaíochta suirbhéanna ar chustaiméirí go rialta. Coinnítear súil ghéar ar irisí faisin agus ar an gclúdach a dhéantar iontu ar na treochtaí faisin is déanaí ag na dearthóirí ar na hardáin taispeána, na 'catwalks', in Milan, i bPáras agus i Londain. Déantar anailís go síoraí seasta ar dhíolacháin laethúla an chomhlachta agus ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) maidir le méid an mhargaidh agus le patrúin chaiteachais na dtomhaltóirí. Creideann Aoife go gcuirfear Éadaí do Chách Tta ar thús cadhnaíochta sa mhargadh ach béim a chur in athuair ar ghné uathúil dhíolacháin (USP i mBéarla) an chomhlachta, mar atá, éadaí faiseanta ar phraghas réasúnta atá dírithe ar an tomhaltóir óg ar mór aige an faisean. Chuige sin, chum an gnólacht mana nua-aimseartha "Affordable Fashion" le húsáid le linn an fheachtais fógraíochta i margadh na Ríochta Aontaithe.

(A) (i) Tabhair sainmhíniú ar an ngníomhaíocht bhainistíochta 'pleanáil'.
(ii) Léirigh conas a théann cineálacha éagsúla pleanála chun tairbhe d'Éadaí do Chách Tta. (20 marc)

(B) Déan measúnú ar éifeachtacht rannóg na nAcmhainní Daonna in Éadaí do Chách Tta. (30 marc)

(C) (i) Mínigh an téarma 'Taighde Margaidh'.
(ii) Déan anailís ar conas is féidir le Taighde Deisce **agus** Taighde Allamuigh a gcion a dhéanamh chun Éadaí do Chách Tta a choimeád rathúil. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Gnó

## Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

*Daoine agus a gcuid idirghníomhaíochtaí is príomhchúram don ghnó.*

(A) Tabhair breac-chuntas, le samplaí, ar an gcaidreamh is féidir a bheith ann idir 'Infheisteoirí' agus 'Fiontraithe' i ngnó.

(15 mharc)

(B) (i) Déan plé ar na cearta atá ag tomhaltóirí faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.

(ii) Léirigh **dhá** chineál sásaimh atá ar fáil do thomhaltóirí má sháraítear an tAcht.

(30 marc)

(C) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí aighneas idir fostóir agus fostaí a réiteach ar bhealach neamhreachtúil.

(15 mharc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

*D'ardaigh an ráta dífhostaíochta i margadh saothair na hÉireann ó 4.3% in Eanáir 2005 go dtí 14.7% i Márta 2011.*

(A) Déan plé ar na slite a dtéann méadú ar an dífhostaíocht i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

(20 marc)

(B) Déan cur síos ar na céimeanna a bhaineann le bunú '*Cuideachta Phríobháideach Theoranta*'.

(20 marc)

(C) (i) Mínigh an téarma 'Forbairt Pobail'.
(ii) Déan measúnú ar na seirbhísí a chuireann 'Boird Fiontar Contae agus Cathrach' (CEBs) ar fáil.

(20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*Tá feabhas suntasach ar an onnmhairíocht fíorthábhachtach in athshlánú gheilleagar na hÉireann.*

(A) Déan plé ar conas a théann nádúr athraitheach an gheilleagair idirnáisiúnta i gcion ar lucht onnmhairithe na hÉireann.

(20 marc)

(B) Léirigh conas atá comhlachtaí trasnáisiúnta eachtracha (i.e. comhlachtaí a dhéanann infheistíocht dhíreach eachtrach) tar éis dul i gcion ar gheilleagar na hÉireann.

(25 mharc)

(C) Déan measúnú ar an ról a bhíonn ag 'grúpaí sainleasa' i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (AE). Bain úsáid as samplaí chun tacú leis an bhfreagra.

(15 mharc)

**(60 marc)**

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

| **Fiontraíocht / Bainistíocht** |
|---|

### Ceist 4

(A) Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist a leanas.

> *Tá cinneadh déanta ag Colm coiste na mbailte slachtmhara a bhunú ina shráidbhaile féin agus dul san iomaíocht sa chatagóir don 'sráidbhaile is slachtmhaire' i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara in 2013.*

Pléigh **ceithre** scil fiontraíochta a bheidh ag teastáil ó Cholm le linn dó an tionscnamh pobail áitiúil seo a fhorbairt.

(20 marc)

(B) (i) Mínigh 'Teoiric an Inspreagtha' ag Maslow.

(ii) Léirigh conas a d'fhéadfadh bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí Theoiric Maslow a chur i bhfeidhm sa láthair oibre.

(20 marc)

(C) Déan cur síos ar conas a bhaintear éifeachtúlacht amach i ngnó trí 'rialú stoic' **agus** 'rialú cáilíochta'.

(20 marc)

**(60 marc)**

| **Bainistíocht** |
|---|

### Ceist 5

(A) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáistí na hoibre buíne, do na fostaithe i ngnó. (15 mharc)

(B) Samplaí de chánacha a bhaineann le gnó is ea <u>Íoc Mar A Thuillir (ÍMAT),</u> <u>Cáin Bhreisluacha (CBL)</u>, agus <u>Cáin Chorparáide</u>.

(i) Mínigh **gach** cáin a bhfuil líne fúithi.

(ii) Déan measúnú ar impleachtaí **gach** cánach díobh do ghnólacht.

(25 mharc)

(C) (i) Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma 'bainistíocht riosca'.

(ii) Déan cur síos ar **thrí** mhodh a bhféadfadh bainisteoir leas a bhaint astu chun an riosca laistigh dá ghnó a laghdú a oiread agus is féidir.

(20 marc)

**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 6

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

| |
|---|
| *Táirgeann Cill Rónáin Tta réimse d'earraí bia fuaraithe. As comhábhair nádúrtha a dhéantar táirgí an chomhlachta. Tá duaiseanna éagsúla buaite acu agus tá siad go mór i mbéal an phobail. Tá sé anois ar na brandaí is mó in Éirinn agus soláthraíonn siad earraí do shlabhraí na n-ollmhargaí is mó go léir. Tá Cill Rónáin Tta ag smaoineamh ar 'chumasc' nó ar 'tháthcheangal' a dhéanamh mar mhodh chun an gnó a leathnú i margadh na hÉireann. Ina theannta sin tá sé ag smaoineamh ar conas fás an chomhlachta a mhaoiniú.* |

(A) (i) Léirigh an difríocht idir *cumasc* agus *táthcheangal* mar mhodhanna chun gnó a leathnú.

(ii) Déan plé ar na buntáistí agus ar na rioscaí do Chill Rónáin Tta a bhaineann le cumasc mar mhodh leathnaithe gnó.

(25 mharc)

(B) Déan idirdhealú idir *caipiteal fiachais* agus *caipiteal cothromais* mar fhoinsí maoinithe do leathnú Chill Rónáin Tta.

(15 mharc)

(C) Tabhair breac-chuntas ar fhoinsí inmheánacha **agus** ar fhoinsí seachtracha de nuálaíocht táirgí atá ar fáil do Chill Rónáin Tta.

(20 marc)

**(60 marc)**

## Ceist 7

(A) Déan plé ar **dhá** dhúshlán a bhaineann le gnólacht nua a chur ar bun.

(10 marc)

(B) (i) Tarraing léaráid de 'shaolré táirge' agus cuir lipéid uirthi.

(ii) Léirigh na modhanna a d'fhéadfadh gnó a úsáid chun fad a chur le saolré táirge.

(25 mharc)

(C) Mar chuid de 'Staidéar Indéantachta' i gcomhair earra nua, cuireann De Mórdha Tta an t-eolas airgeadais seo a leanas ar fáil:

| | |
|---|---|
| Aschur Tuartha (Díolacháin) | 40,000 aonad |
| Costas Díola | €20 an t-aonad |
| Costais Sheasta | €300,000 |
| Costas Athraitheach de réir an aonaid | €10 |

(i) Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:

(a) An Pointe Meá ar Mheá;
(b) An brabús ar an aschur tuartha;
(c) An Lamháil Sábháilteachta ar an aschur tuartha.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** eile a bheadh ag staidéar indéantachta do De Mórdha Tta.

(25 mharc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS AR ROINN 3.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán